

❖ An Lúibín ❖

20 Meitheamh 2005



Bíonn a dhóthain airde á dhíriú ar James Joyce gach bliain chun go mbeadh cead ag *An Lúibín* súil a dhúnadh ar an bhfear agus ar a shaothar. Déanadh diabhair eile a ndícheall, agus bíodh suaimheas againne. A mhalairt de scéal atá ann i mbliana, agus aird againn ar an Seoirgeach i nGaeilge, gan trácht ar chúpla scríbhneoir eile a bhí suas lena linn.

Tá an oiread sin éagsúlachta ag baint le saothar an tSeoirghigh go bhfaigheadh gach léitheoir rud éigin ann a thaitneodh leis – na gearrscéalta, na húrscéalta, na liricí, nó *Finnegans Wake*. Níl bannaí lena cháil, agus ní féidir le haon duine a rá cén ráchairt a bheadh ag na glúine atá romhainn ar a scríobh sé, cuma cá mhéad tráchtas agus iris a bhfuil toradh a phinn mar ábhar acu; b'fhéidir go mairfeadh sé ina arracht i pluais liteartha mura mairfeadh sé mar údar. Ach tá clú ar a scáil go fóill, agus níor éirigh linn é a mhúchadh ar fad faoi ualach tráchtairachta. Ní féidir an Seoirgeach a mheas gan saothar an tSeoirghigh a léamh, agus is iad na gearrscéalta an bhearna is réidhe chuige. *Portrait of the Artist* ansin, b'fhéidir, agus as sin go deo leat.

Bhí smearaithne ag an Seoirgeach ar Phádraig Mac Piarais, fear a raibh meas aige ar litríocht an Bhéarla. Deirtear gur ghlac an Seoirgeach col leis an nGaeilge toisc gur mhaslaigh an Piarasach an Béarla; cibé bun a bhí leis an scéal sin, is dócha (mar a deirtear thíos) go raibh léamh na Gaeilge ag údar ilteangach *Ulysses*. Tá cuid dá shaothar le fáil sa teanga sin ag bun an eagraí seo, agus cead agaibh í a shárú más mian libh.



Falung Gong

Among the many groups and sects seeking spiritual fulfilment in China, Falung Gong is the most numerous and (in official eyes) the most notorious. Its teachings show the influence of both Taoism and Buddhism. It defies the violence of the state in the name of peace, and has been repeatedly denounced by the authorities as an evil cult, but its strength seems undiminished.

Baineann Falun Gong le seantraidisiún Taoch a bhfuil roinnt Búdachais measctha tríd. Le cúrsaí caidrimh shóisialta a bhain an creideamh stáit, agus é ag teagasc gur cheart do gach duine a bheith umhal do na húdaráis agus do na sinsir. A mhalairt d'aighe atá ag an Taochas agus ag an mBúdachas: níl sonas le fáil ach trí tú féin a dhealú amach ó chúraimí an tsaol agus suaimhneas a lorg ionat féin, mar tá an saol agus gach a mbaineann leis neamhbhuan. Tá an Taochas tugtha freisin don draíocht agus do na pisreoga. Tá rian an traidisiúin mheasctha seo ar Falung Gong, agus idir *qigong* (aclaíocht mhall ársa) agus dhianmhachnamh.

Dream síochánta Falung Gong, ach is minic a d'éirigh a leithéidí eile amach faoi cheannas ceannaire chumasaigh nuair a bhí an tSín suaite ag gorta, ag míriaradh agus ag éadóchas, agus fonn orthu scaradh leis an seansaol agus ré nua a chur ar bun. Sin mar a tháinig na Cumannaigh féin i réim, agus tá cuimhne mhaith acu ar an stair. Ní roimh Falun Gong na síochána atá eagla orthu, ach roimh an rud a d'fhéadfadh eascairt as.

Tá na milliúin ball ag Falung Gong sa tSín agus thar lear. Daoine meánaosta agus daoine gan obair is mó a bhaineann leis sa bhaile – dream a fágadh ar an trá fholamh de bharr fhaillí an stáit agus a fhaigheann sólas agus suaimhneas sa teagasc nua. Tá baill Falung Gong le fáil i

ngach aicme agus i ngach ceird, cé gur mná iad a bhformhór. Deir na húdaráis gur dream an-eagraithe iad, rud a shéanann Falung Gong féin; ach is cinnte gur maith an sás iad chun feidhm a bhaint as an teicneolaíocht is nua – an tIdirlíon, an ríomhphost agus an guthán póca.

Má tá rian na seantraidisiún le haithint ar theagasc Falun Gong, ní fhágann sin nach bhfuil tuairimí dá chuid féin ag a gceannaire, Li Hongzhi, agus sainbhlas ceart orthu. Níl inár gcruinne féin, a deir sé, ach ceann amháin den iliomad cruinní agus iad ina sraiteanna anuas ar a chéile, cuid acu beag bídeach agus cuid eile ollmhór; lasmuigh den chruinne seo tá tá spás eile mar a maireann na déithe agus na Búdaí a thugann aire don chine daonna. Nuair a bheirtear duine sa chruinne seo beirtear é san am céanna ina lán cruinnithe eile; is fearr agus is uaisle na leaganacha úd de féin, agus is féidir leo maireachtáil ina dhiaidh.

Ag an leibhéal is airde den chruinne a cruthaíodh an cine daonna, ach bhí orth teacht anuas de bharr a ndrochnósanna. Arís agus arís eile chuir siad ardsibhialtachtaí ar bun, ach scriosadh na sibhialtachtaí sin as éadan a chéile. An beagán daoine a thioctadh slán rachaidís i mbun na hoibre arís. Tháinig eachtrannaigh mhioscaiseacha spáis chun an domhain seo timpeall na bliana 1900 agus thug siad an teicneolaíocht is nua dúinn chun go mbeimis ag brath uirthi go hiomlán feasta.

Tá dlí morálta sa chruinne atá ag cur leis an réasún. Is féidir linn an mhaith nó an t-olc a roghnú, agus leanann iarsmaí a ndéanaimid dá réir. Maireann an t-anam i ndiaidh an bháis agus déanann athionchollú de réir na nduáilcí (nó *karma*) agus na suáilcí a thugann sé leis ó na saolta a bhí aige cheana; is féidir le ball de Falung Gong fáil réidh lena chuid karma trí chleavchtanna áirithe agus trí smacht a chur ar a mhianta. De réir a chéile gheobhaidh sé cumachtaí iontacha agus is féidir leis Búda a dhéanamh de féin. Deir Li Hongzhi go bhfuil sé féin níos cumhachtaí ná dia ar bith. Tá deireadh an domhain ag teacht, agus eisean an t-aon duine amháin atá in ann na fírín a thabhairt slán. I gceann de na cuntais is cruinne a rinneadh ar Falung Gong deir Maria Hsia Chang:

Ó thaobh na staire de, is minic a nocht cumain rúnda agus gluaiseachtaí míleacha sa tSín nuair a bhí mórchlaochlú sóisialta ann agus míchló intinne. Is é an dála céanna inniu é. Léiriú ar shuaitheadh sóisialta an-ghéar sa tSín is ea slua a d'fhéadfadh a bheith chomh líonmhar le 100 milliún a bheith dílis do theagasc chomh haisteach le teagasc Falun Gong, slua a mbaineann a bhformhór leis an meánaicme oilte, agus cuid acu sa pháirtí, san arm agus sa rialtas.

Go fiú má tá cuma chraiceáilte ar chuid den teagasc úd, is cinnte go bhfaigheann na milliúin suaimhneas agus solás uaidh a cheiltear orthu sa saol mór, agus go bhfuil siad gan eaglá dá bharr.

Féach: *Falun Gong: The End of Days*, Maria Hsia Chang, Scribe Publications, Melbourne, 2004.



Ceanróidithe

However individual the achievement of Joyce, he built upon an established tradition of modern prose. Not so with novelists and short story writers in Irish in the first decades of the twentieth century. Their tradition had to be constructed as they went.

Tá an méid seo le rá ag Tomás de Bhaldraithe sa réamhrá le *Scothscéalta*, a rogha féin de shaothar Phádraig Uí Chonaire:

Thuig an Conaireach go cruinn baileach, mar a thuig an Piarsach faoin am céanna, céard a bhí faoi a dhéanamh, is é sin, nualitricht a chumadh sa nGaeilge, san am a raibh scríbhneoirí eile, idir Bhéarlóirí is Ghaeilgeoirí, ar a ndícheall ag saothrú na seanstaire is na seanlitricht.

Tá an prós chomh préamhaithe agus chomh saothraithe sin anois i nGaeilge nach furasta a chuimhneamh ar a raibh le déanamh ag scríbhneoirí i dtús na haoise seo caite dá mbeadh

fúthu gearrscéal féin a scríobh. Glactar leis gurbh é an Piarsach a chur tús leis an obair agus a chuir bun teoiriciúil léi; ba rud réabhlóideach iad a chuid scéalta lena linn, cuma cén meas a bheadh orthu inniu. Braithstint nua-aimseartha a bhí le mothú iontu, braithstint a fáisceadh as cultúr Eorpach, cé gur leis an nGaeltacht a bhain an t-ábhar. Bhí stíl ghonta mhín ag an bPiarsach, agus bhí sé go maith chun aigne na bpáistí a léiriú go blasta nádúrtha:

‘Mo léan nach gasúr fir a rinne Dia dhíom,’ a deir Nóra lena deartháir.
‘Muise, tuige?’ arsa Cuimín.
‘Chuile rud níos fearr ná a chéile,’ arsa Nóra. Leis sin thug sí bosóg bheag don leanbh do bhí idir bheith ina chodladh agus dhúiseacht sa chliabhán. Do chuir an leanbh béic as.
‘Ara, éist leis an bpáiste,’ arsa Cuimín. ‘Má chloiseann mo mháthair ag béicíl é, bainfidh sí an chluas díot.’
‘Is cuma liom má bhaineann sí an dá chluais díom,’ arsa Nóra.
‘Céard tá ort?’ Do bhí Cuimín á ní féin agus do stad sé agus d’amharc anonn thar ghualainn ar a dheirfiúr, agus an t-uisce ag sileadh lena éadan.
‘Tuirseach de bheith i m’asailín ag mo mháthair agus ag chuile dhuine atáim,’ arsa Nóra. ‘Ag obair ó mhaidin go hoíche dhom agus sibhse ar bhur suaimhneas...’

An fhulaingt agus an slánú is mórábhar do shaothar an Phiarsaigh – slánú Críostaí go háirithe; nochtann Íosagán ann ag gealladh sólais, nochtann Críost i gConamara ag fulaingt a pháise. Bíonn an bás ann, agus tá ‘An Bhean Chaointe’ ina scéal chomh dorcha le haon rud a scríobh Ó Conaire. Ach ritheann idéalachas an údair ina snáithe tríd an saothar go léir, agus is mór idir Gaeltacht an Phiarsaigh agus Gaeltacht gharbh thírúil Uí Chadhain. Is minic blas nádúrtha ar chaint agus ar ghníomh sna scéalta seo, mar sin féin, cé gur mó an léargas a fhaighimid ar aigne an údair, b’fhéidir, ná ar fhíorshaol an Iarthair. Tá léitheoirí fós ann a bhainfeadh sult as ar scríobh sé, agus scríbhneoirí a d’fhéadfadh rudaí a fhoghlaim uaidh.

Ní fios cén toradh a thiocfadh ar pheann an Phiarsaigh dá mairfeadh sé, ach is cinnte nach mbeadh an blas saolta nó an blas greannmhar orthu atá ar roinnt de scéalta an Chonairigh, scríbhneoir a raibh dul amach ann ar nádúr dorcha an duine. Níor éirigh leis an gáifeachas agus an leimhe a sheachaint i gcónaí, ach rinne sé a chomhairle féin - a bheith gan scáth gan eagla. Sa bhliain 1902 a tháinig *Nóra Mharcais Bhig* amach, scéal a dteánn an príomhcharachtar le striapachas ann. Seo ag déanamh ar an gcathair í:

Ina suí sa traein dhi ghabh iontas mór í faoi rá is go raibh abhainn agus inbhear, loch, sliabh, agus machaire ag sciorradh thairsti agus gan aon ní á déanamh aici féin. Cá rabhadar uile ag dul uaithi? Cén saol a bhí i ndán di sa tír choimhthíoch údán ina bhfágfadh an gléas iontach iompair seo í? Ghlac uamhan agus critheagla í. Bhí an doircheacht ag titim ar mhachaire agus ar chnoc. Coisceadh ar na smaointe uirthi, ach b’fhacthas di go raibh sí ag marcaíocht ar ainmhi éigin allta; go gcuail sí a chroí ag preabadh agus ag léimnigh fúithi le teann feirge; go raibh sé ina dhragan tine, agus lasair ag teacht óna shúil; go raibh sé á tabhairt go fásach éigin uafásach – áit nach raibh taitneamh gréine ann ná titim uisce; go raibh uirthi a dhul ann in aghaidh a tola; go raibh sí á díbirt go dtí an fásach seo i ngeall ar aon pheaca amháin.

Tá rian éigin den gháifeachas agus den mhaoithneachas ar chuid mhaith de scéalta Uí Chonaire, dá fheabhas iad – rud is fusa a thuiscint má chuimhnímid gur mhinic díoltas, gealtacht agus bás truamhéileach mar ábhar ag gnáthscríbhneoirí Béarla a linne. Níl a rian sin le fáil ar na scéalta is fearr dár scríobh sé: *An Bhean a Ciapadh*, *Páidín Mháire* agus *Deoraíocht*. Tá sé de chlú ar an tríú ceann (an t-aon úrscéal amháin a tháinig óna lámh) go bhfuil samhlaíocht aisteach fhiliúnta de shaghas neamhchoitianta léirithe ann. Sampla de sin an Deoraí a theacht ar pháirc atá breac le bacadh:

Níor chuir an cúinne seo den pháirc aon ní i gcuimhne dhom ach fathach mór fuafar a mbeadh galar gránna brocach air – galar millteach a bhí ag lobhadh a chuid feola, agus á ithe go cnámh, a a bhí le feiceáil ina spotaí móra dubha tríd an gcráiceann. Ach leis an bpéin a bhí air ón ngalar bhí dath glas ar a chraiceann, shíleas; agus bhí lúbarnaíl ina chuid feola a bhain croitheadh as na spotaí dubha úd anoi agus arís.
Rinneas féin mo ghoradh le gréin freisin ar bhrollach an fhathaigh fhafair ghalraigh úd.

Samplaí den réalachas sa chiall is fearr is ea *An Bhean A Ciapadh* agus *Páidín Mháire* – dhá ghearrscéal chumhachtacha a chuireann an crá agus an fhulaingt in iúl i bprós snoite agus nach ligtear don mhothú dul chun boigéise iontu. Ar an dóigh seo, mar a deir de Bhaldraithe, réitigh sé an bealach do scríbhneoirí eile.

D'éirigh leis nualitricíocht, idir fhoirm is ábhar, a chumadh i dteanga a bhí imithe chun fiántais le fada roimhe, cheal saothrú.

Tá cuid den chreidiúint sin ag dul don Phiarsach freisin, rud a d'aithin an Conaireach féin agus é ag moladh chomhairle an Phiarsaigh go ngearrfaí 'gad na seanaimsearthachta' a bhí ar scríbhneoirí Gaeilge. Is é tús an oibre an chuid is deacra di, agus nuair a cailleadh an Conaireach in aois a shé bliana is dhá fhichead (rugadh é sa bhliain 1882) bhí an méid sin déanta. Mar sin féin, dá mbeartódh an Seoigheach ar *Uiliséas* a scríobh i nGaeilge ag an am ní bheadh an uirlis in ann ag an tasc, cé go raibh raibh sí á géarú chuige. I gceann glúine eile thioctadh Máirtín Ó Cadhain, scríbhneoir a raibh de chumas ann *Cré na Cille* a thabhairt dúinn agus roinnt gearrscéalta a bhí inchomórtais leis na cinn ab fhéarr de chuid an tSeoighigh. Más ea, cuimhnímís ar na ceannródaithe.



An Seoigheach

Bloomsday, like Christmas, comes once a year; unlike Christmas, it has retained a strong link with the original event. Ulysses is a monument to the capacities of Hibernian English, but fragments have been translated, now and then, into Irish. See the excerpt below: pages 33-35 of the Penguin edition.



Bhí léamh na Gaeilge ag an Seoigheach, más fíor do scoláirí áirithe. Más ea, ní dócha go raibh scríobh na teanga aige, agus ar eigean a bheadh aon scríbhneoir Gaeilge in ann a leithéid de shaothar - go fiú na ngearrscéalta - a chumadh ag an am. Pádraig Ó Conaire, b'fhéidir, ar shlite áirithe, ach bhí seisean ar na ceannródaithe, agus ní raibh seiftiúlacht mhíre an fhir eile aige.

Tá daoine ann agus níl siad in ann ar fad ag Uiliséas, gan trácht ar Thórramh Uí Fhionnagáin; glacann siad col éigin leis an imeartas focal, leis an stíl agus leis an mbraithstint, cé go n-admhóidís go bhfuil saineiúlacht agus éagsúlacht iontach sa saothar. Tá dream eile ann a fháiltíonn go hiomlán roimh aigne an údair, agus dream a bhaineann sult as Bloomsday ach nach léifeadh focal ar bith dár chuir an Seoigheach ar pár. Mairfidh an chuid is fearr dá shaothar ina ndiaidh uile. D'éirigh leis idir fhinnscéal agus laoch a thabhairt dúinn.

Cén fáth nár cuireadh Gaeilge ar Uiliséas? Cúis ghéara an cheist sin, b'fhéidir - cé léifeadh i nGaeilge é agus Bearla aige? Mar sin féin, cuirtear Gaeilge ar shleachta éigin ó am go chéile le spéis nó le spórt, agus tá iarracht eile (gan údarás) le fáil san eagrán seo de An Lúibín. Sliocht é ó thús an úrscéil: tá Stiofán Dedalus, duine de na príomhcharachtair, ag baint cúpla pingin as an múinteoireacht, agus tugann sé tomhas le fuascailt don rang.

Sliocht as Uiliséas le James Joyce

-Seo an tomhas, arsa Stiofán.

*Scairt an coileach
Bhí an spéir gorm
Bhí cloig na spéire
Ag bualadh a haon déag
Is míthid don anam seo
Dul ar neamh uainn*

-Cad é sin?

-Cad é, a mháistir?

-Arís, a mháistir. Níor chualamar.

Leath a súile agus na línte á rá arís. Bhí tost ann, agus dúirt Cochrane:

-Cén fhuascailt atá air, a mháistir? Éirimid as.

Dúirt Stiofán agus tochas ina scornach:

-An madra rua ag cur a sheanmháthar faoi bhun tor cuilinn.

D'éirigh sé ina sheasamh agus rinne scairt neirbhíseach ghéire, agus bhí an díomá mar mhacalla ina scairteanna féin.

Bhuail maide an doras agus ghlaigh guth sa phasáiste:

-Haca!

Scar siad lena chéile, ag snámháil i ndiaidh a dtaoibh as na binsí, á léim. Bhí siad imithe gan mhoill agus ón seomra trangleim tháinig gliogarnach na gcamán agus torann a mbuataisí agus a dteangacha.

Ar Sargent amháin a bhí moill agus dhruid sé aníos go mall, ag taispeáint cóipleabhar oscailte. Léirigh a cheann aimhréidh agus a scrogall tanaí cé chomh neamhullamh is a bhí sé agus trína spéaclaí smúitiúla d'fhéach súile laga suas go himpíoch. Ar a leiceann murtallach mílíteach bhí smál bog dúigh a raibh dealramh dáta air agus é chomh nua agus chomh tais le leaba sheilide.

Shín sé uaidh a chóipleabhar. Bhí an focal *Suimeanna* scríofa ar an mbarrlíne. Bhí fiarfhigiúirí thíos faoi agus síniú cam le lúbanna dalla agus le smúit ag bun an leathanaigh. Cyril Sargent: a ainm agus a shéala.

-Dúirt an tUasal Deasy liom iad a scríobh amach arís, ar seisean, agus iad a thaispeáint duit, a mháistir.

Theagmháil Stiofán le ciumhais an leabhair. Mí-éifeacht.

-An féidir leat iad a dhéanamh thú féin?

-Ní féidir liom, a mháistir.

Gránna agus gan aird: scrogall tanaí agus ceann aimhréidh agus smál dúigh, leaba sheilide. Ach thug duine éigin grá dó agus d'iompair ina baclainn agus ina croí é. Murach ise shatlódh fuadar an tsaol air, seilide brúite gan chnámha. Bhí cion aici ar a chuid fola laige uisciúla a taoscadh óna fuil féin. An raibh an scéal mar sin i ndáiríre? An t-aon fíor-rud amháin sa saol? Columbán taghdach agus é diograiseach ar son Dé, ar scaradh gabhail ar chorp spréite a mháthar. Í ar shlí na firinne: Cnámharlach creathach craobhóige a dóch sa tine, boladh rósadhmaid agus luatha fliche. Tharrtháil sí ón tsatailt é agus d'imigh, agus ba ghearr a raon. Anam bocht a chuaigh abhaile: agus ar an sliabh faoi rince na réaltaí bhí madra rua, géarbholadh na creiche óna fhionnadh, a shúile gan trócaire, é ag baint, ag éisteacht, ag baint, ag éisteacht, ag baint agus ag baint.

Ina shuí lena thaobh dó d'fhuascaíl Stiofán an fhadhb. Thaispeáin sé le hailgéabar gurbh é seanathair Hamlet é Taibhse Shakespeare. Sargent ag amharc go ceistitheach trí fhiarspleáclaí. Gliogarnach na gcamán sa seomra trangleim: buille toll liathróide agus glórtha ón bhfaiche.

Samhailchomharthaí ag déanamh damhsa mall muiriseach trasna an leathanaigh, le litreachta a gcleamaireachta, caipíní aite orthu a bhí déanta de chearnóga agus de chiúbanna. Tugaigí lámh dá chéile, téigí trasna, umhlaigí d'bhur bpáirtí: mar sin: diabhairlíne as samhlaíocht na Múrach. Iad imithe freisin ón saol. Averroes agus Moses Maimonides, fir a bhí dorchá ina ndéalramh agus ina ngothaí, ag soilsiú thaobh doiléir an tsaol ina scátháin scigiúla, dorchadas ag lonrú sa ghile agus gan tuiscint ag an ngile air.

-An dtuigeann tú anois? An dtig leat an dara ceanna oibriú amach duit féin?

-Tig liom, a mháistir.

Chóipeáil Sargent na sonraí le strócanna fada foscúla. É ag súil i gcónaí le focail chúntacha, a lámh ag bogadh na samhailchomharthaí neamhshocra go dílis, agus luisne lag náire ag preabadh ar chúl an chraicinn mhurtallaigh. Amor matris: ginideach suibíochtúil agus oibiachtúil. Lena cuid fola laige agus lena cuid bainne mheadhg-ghéir a chothaigh sí é agus í ag ceilt a bhindealán ar an saol.

Bhí dealramh agam leis, na guaille silte, an chiotail seo. Tá m'óige crom le m'ais. Í rófhada uaim le mo lámh a leagan ann aon uair amháin nó go héadrom. Is fada uaim í agus tá a óige féin chomh rúnda lenár súile. Rúin thostacha dhúra ina suí i bpáláis dhorcha ár gcroithe: rúin atá tuirseach dá dtíorántacht: tíoránaigh a d'fháilteodh roimh threascairt.

Bhí an tsuim déanta.

-Tá sí an-simplí, arsa Stiofán agus é ag éirí.

-Tá, a mháistir. Go raibh maith agat anois, arsa Sargent.

Thriomaigh sé an leathanach le páipéar tanaí síuite agus thug a chóipleabhar ar ais go dtí a dheasc.

-Tá sé chomh maith agat do chamán a fháil agus dul amach go dtí an chuid eile, arsa Stiofán agus é ag leanúint an bhuachalla mhísciamhaigh i dtreo an dorais.

-Tá, a mháistir.

Sa phasáiste chualathas a ainm agus é á ghlaoch ón bhfaiche.

-Sargent!

-Rith leat, arsa Stiofán. Tá an tUasal Deasy ag scairteadh leat.

Sheas sé sa phóirse agus d'fhéach ar an moilleadóir ag dul faoi dheifir i dtreo na faiche scáinte mar a raibh glórtha géara ag imreas. Bhí siad roinnte ina bhfoirne agus tháinig an tUasal Deasy d'amhóga thar shoip fhéir ar chosa faoi loirgneáin. Nuair a tháinig sé chomh fada leis an teach scoile scairt na glórtha arís. Chas sé a chroiméal feargach bán orthu.

-Cad tá ar siúl? ar seisean ag caint gan stad agus gan éisteacht.

-Tá Cochrane agus Halliday ar an taobh céanna, a dhuine uasail, arsa Stiofán de scairt.

-Ar mhiste leat fanacht i mo sheomra staidéir ar feadh nóiméid, arsa an tUasal Deasy, nó go gcuirfidh mé an scéal seo ina cheart.

Agus le linn dó dul go fústrach trasna na faiche ghlaigh a sheanghuth go dian:

-Cad tá oraibh? Cad é seo?

Scairt a nglórtha géara ina thimpeall ar gach taobh: iad ag bailiú timpeall air ina slua, solas gáifeach na gréine ag gealadh mhil a chinn mhídhaithe.

Bhí an seomra staidéir lán d'aer stáilithe toiteach agus de bholadh leathar caite liathdhonn na gcathaoireacha. Mar a bhí sé ag margáil anseo liom an chéad lá. Mar a bhí i dtosach agus atá anois. Tráidire bonn Stíobhartach ar an glár sleasa, taisce shuarach ó phortach: agus a bheas go deo. Agus sa bhosca spúnóg a bhí déanta de phluis chorera thréigthe, an dáréag apstal go seascair tar éis an soiscéal a theagasc do na gintlithe uile: le saol na saol.

Coiscéim ghasa ar an bpóirse cloiche agus sa phasáiste. Stad an tUasal Deasy ag an mbord agus é ag séideadh amach a chroiméil bhreá.

-Ar dtús, ár socrú beag airgid, ar seisean.



Mura mian leat *An Lúibín* a fháil cuir teachtaireacht dá réir chun: colger@melbpc.org.au.

Colin Ryan